



GMIT

INSTITIÚID TECNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EÓ
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY



An Léann Oidhreacht

Campas na Gaillimhe



www.gmit.ie

Cad is Oidhreacht ann?

De réir na seantuisceana, ba le caomhnú séadchomharthaí ársa agus foirgneamh a raibh fiúntas ailtireachta leo a bhain an oidhreacht.

De réir na tuisceana atá anois ann, baineann sí leis an úsáid a bhaintear as an am atá thart san am i láthair – trí chomóradh, i dtaispeántais mhúsaeim, sa turasóireacht, srl.

Baineann an oidhreacht le beagnach rud ar bith a thugtar ar aghaidh ó ghlúin go glúin, nó aon rud ón am atá thart a bhraitheann daoine a bhaineann leo.

An Léann Oidhreachta in ITGM

An Cúrsa	Leibhéal	Fad	Cód CAO
BA (Onóracha) sa Léann Oidhreachta	8	4 bliana	GA282
BA (Onóracha) sa Léann Oidhreachta - Forlíontach	8	1 bhliain	Forlíontach
BA sa Léann Oidhreachta	7	3 bliana	GA272

Nóta: Is trí Bhéarla a mhúintear na hábhair ar fad seachas na teangacha.

Ar na réimsí léinn tá:

- Oidhreacht (Thógtha, Chultúrtha, Nádúrtha & Dhigiteach)
- Stair (Áitiúil, Náisiúnta & Idirnáisiúnta)
- Tíreolaíocht (Daonna & Fisiceach)
- Seandálaíocht
- Turasóireacht
- Ginealas
- Staidéar Músaem
- Staidéar Allamuigh
- Béaloideas
- Litríocht
- Pleanáil
- Ríomhaireacht & CFG
- Cumarsáid
- Modhanna Taighde
- Bainistíocht Imeachtaí
- Fiontraíocht
- Teangacha (Gaeilge, Spáinnis, Fraincis, Gearmáinis)

Chomh maith leis sin, is féidir le mic léinn Oidhreachta ITGM:

- Modúl taithí oibre a dhéanamh.
- Dul i mbun léinn thar sáile ar feadh seimeastair amháin nó péire.

Foghlaimíonn mic léinn trí mheascán de léachtaí, ranganna teagaisc, foghlaim ghníomhach, plé ranga, féachaint ar scannáin, foghlaim phraiticiúil i saotharlanna ríomhairí agus teanga, agus foghlaim ar líne.

Cuirtear an-bhéim ar theagasc lasmuigh de láthair an choláiste. Tugtar cuairt ar láithreacha oidhreachta, ar mhúsaeim agus ar ionaid léirithe.

Tá liosta iomlán de na modúil agus léiriú breise ar eispéireas na mac léinn in ITGM ar fáil ar www.gmit.ie



Cén fáth a ndéanfá staidéar ar an Oidhreacht in ITGM?

Is ar champas na Gaillimhe ag ITGM a mhúintear ár gcúrsaí, gar do chroílár meánaoiseach chathair na Gaillimhe.

Is breá an saol do mhic léinn atá ar fáil i gcathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird, agus tá flúirse ealaíon agus cultúir ann dóibh siúd ar spéis leo an oidhreacht.

Is féidir le mic léinn a bheith páirteach i gCumann Oidhreacht ITGM, freisin, a eagraíonn réimse gníomhaíochtaí ar a n-áirítear aoiléachtaí, turais pháirce, quizeanna boird, taispeántais stairiúla agus cóisirí.

Deiseanna Fostaíochta

- Caomhnú & Athchóiriú
- Carthanais & Eagraíochtaí Neamhrialtasacha
- Cartlanna & Leabharlanna
- Fiontair Nuathionscanta
- Forbairt Pobail
- Ginealas
- Gnó
- Iontaobhais Shibhialta
- Iriseoireacht
- Meáin Chruthaitheacha Dhigiteacha
- Múinteoireacht & Léachtóireacht
- Músaeim
- Oidhreacht
- Pleanáil
- Sainchomhairleoireacht Chomhshaoil
- Seandálaíocht
- Státseirbhís
- Turasóireacht
- Údaráis áitiúla

Tá liosta iomlán ar fáil ar www.gmit.ie



Gairmeacha Múinteoireachta

Is féidir le céimithe na céime onóracha iarratas a dhéanamh ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas, le múineadh i mbunscoileanna nó i meánscoileanna.

Deiseanna Iarchéime

Is féidir le céimithe na céime Onóracha:

- Iarratas a dhéanamh ar MA Leibhéal 9 sa Léann Oidhreacht ITGM (trí thaighde)
- Dul ar aghaidh go dtí PhD Leibhéal 10 sa Léann Oidhreacht in ITGM (trí thaighde)
- Tabhairt faoi réimse leathan cúrsaí iarchéime ar fud an domhain.

Tá liosta iomlán deiseanna iarchéime ar fáil ar www.gmit.ie

Eolas maidir leis na léachtóirí

Tá taithí na mblianta ag ár léachtóirí ar a bheith ag obair san oideachas tríú leibhéal agus i dtionscal na hoidhreacht. Orthusan tá:

- An tUasal Paul Gosling (seandálaíocht, oidhreacht thógtha)
- An tUasal Cian Marnell (béaloideas, litríocht, Gaeilge)
- Dr. Mark McCarthy (nuastair, stair áitiúil, ginealas, tíreolaíocht, oidhreacht agus cuimhne chultúrtha)
- Dr. Suzanne O'Shea (ealaíon & aeistéitic, cleachtais chruthaitheacha & tionscail chultúrtha, cleachtais choimeádaíochta)
- An tUasal Tony Patrickson (oidhreacht dhigiteach)
- Dr Cilian Roden (oidhreacht nádúrtha, caomhnú)
- An tUasal Declan Sheridan (litríocht, stair chineamatach)
- An tUasal John Tunney (stair na meánaoise, turasóireacht oidhreacht, staidéar músaem, traidisiúin theangeolaíocha, ceol na hÉireann)

Arbh eol duit?

Sa lá atá inniu ann, tacaíonn earnáil na timpeallachta stairiúla le 40,000 post in Éirinn agus eascraíonn ioncam €1.5 billiún sa bhliain aisti.





Scéalta ó mhic léinn



Bhí mé beagán eaglach agus mé ag filleadh ar an oideachas mar mhac léinn lánfhásta, ach ní fada go bhfacthas dom gur cúrsa ar leith ar fad a bhí ar bun agam.

Sheila Keane,

BA (Onóracha) sa Léann Oidhreacht



Tá mar fhíorchuspóir ag na léachtóirí a chinntiú go gcomhlíonann na mic léinn a lánacmhainneacht. I rith laethanta saoire an tsamhraidh bhain mé post amach mar mhaor i bPálás Buckingham. Bhí mé i mo threoraí ag cuairteoirí agus i mo gharda ar an taisce ann. Chinntigh an t-eolas a fuair mé ón Léann Oidhreacht go bhfuair mé post a thaitin go mór liom.

Andrew Lewis,

BA (Onóracha) sa Léann Oidhreacht



Bhí an Léann Oidhreacht in ITGM níos fearr ná mar a cheap mé a bheadh sé. Bhain mé taitneamh as gach modúl agus bhí na léachtóirí díograiseach, meallacach agus spreagúil. Ba bhreá liom an cúrsa a thosú ón tús arís.

Verena Roe, BA (Onóracha) sa Léann Oidhreacht




Is de bharr go raibh suim agam sa stair, sa tíreolaíocht agus sa tseandálaíocht a roghnaigh mé an Léann Oidhreacht mar chúrsa léinn. Bhí modúil eile ar nós na cumarsáide agus na n-ilmheán mar chabhair mhór dom i mo thaithí oibre i ndiaidh ITGM. Chomh maith leis sin, tá an saol sóisialta agus campais in ITGM an-bhríomhar go deo. Bíonn rud éigin ann a oirfidh do gach duine.

Sarah Jane McCrann,

BA (Onóracha) sa Léann Oidhreacht

Eolas maidir le céimithe



Ba an-chabhair an cúram aonair a rinne léachtóirí de mhic léinn in ITGM, dar liom. Rinneadh Uachtarán an Chumainn Oidhreacht a díom agus bronnadh scoláireacht orm as cur chun cinn na hoidhreacht sa choláiste. Tar éis dom a bheith ag obair i gcúrsaí seandálaíochta, d'éirigh liom post buan múinteoireachta a fháil. Cuirim mo chumas dul ag múineadh i nGaelscoil síos don sárleibhéal Gaeilge a bhí ar fáil dom sa Léann Oidhreacht. Thaitin gach nóiméad de mo thréimhse ar an gcúrsa liom.

Ben Mac Caoilte, BA (Onóracha) sa Léann Oidhreacht, 2005 - Múinteoir, Gaelscoil Philib Barún, Co. Phort Láirge.



Tá mar chúram ormsa tionscnaimh a bhaint amach agus a mhaoirsiú ar son Dúchas na Gaillimhe - Galway Civic Trust. Bíonn rudaí éagsúla i gceist, ó athchóiriú ar fhoirgnimh shuntasacha go dtí foilsiú ábhair a bhaineann le stair agus le cur chun cinn chathair na Gaillimhe. Thug ITGM tús iontach dom chun mian mo chroí a leanacht agus dul le hoidhreacht agus le forbairt pobail go gairmiúil.

Michael Quinn, BA (Onóracha) sa Léann Oidhreacht, 2003 agus MA i Léann na hOidhreacht, 2006 - Oifigeach Forbartha, Dúchas na Gaillimhe - Galway Civic Trust



Fuair mé céim sa Léann Oidhreacht ó ITGM in 2002 agus ina dhiaidh sin thug mé aghaidh ar MA (trí thaighde) sa Léann Oidhreacht. Bhí éagsúlacht agus ábhar suime sa chúrsa fochéime. Bhí tábhacht ar leith le gné phraiticiúil an chúrsa, ar a raibh go leor tionscnamh agus go leor foghlama lasmuigh den choláiste. Braithim go raibh an t-ádh orm cúrsa a dhéanamh ar bhain mé taitneamh as ar feadh an ama agus a chuir ar mo chumas gairm a bhaint amach a bhfuil grá agam dó.

Brendan McGowan, BA (Onóracha) sa Léann Oidhreacht, 2002 agus MA sa Léann Oidhreacht, 2004 - Stiúrthóir Gníomhach Músaem / Oifigeach Oideachais agus For-rochtana, Músaem Cathrach na Gaillimhe



Coláiste
**Turasóireachta
agus Ealaíon**

Bí i dteagmháil linn:

An tUasal Paul Gosling


Teil: 091 742027

Ríomhphost: paul.gosling@gmit.ie

Dr Mark McCarthy

Teil: 091 742411

Ríomhphost: mark.mccarthy@gmit.ie



www.gmit.ie



GMIT (Official)



@GMITOfficial